**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Iascach*

**2023/0353(NLE)**

20.3.2024

# TUAIRIM

ón gCoiste um Iascach

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta (BBNJ) (COM(2023)0580 – C9-xxxx/20xx – 2023/0353(NLE))

Rapóirtéir don tuairim: Predrag Fred Matić

PA_Leg_Consent

# RÉASÚNÚ GEARR

## Cúlra an Togra

Is rannpháirtí gníomhach é an tAontas Eorpach in aghaidh a thabhairt ar chaomhnú agus ar úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta tríd an gComhaontú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS), ar an dtugtar 'Comhaontú BBNJ'.

Cuireadh tús leis an bpróiseas in 2004. Ina dhiaidh sin, chuaigh an tAontas, arna údarú ag an gComhairle, i mbun caibidlíochta ó 2016 go 2023, rud a d'fhág gur glacadh Comhaontú BBNJ an 19 Meitheamh 2023. Shínigh an tAontas an Comhaontú ríthábhachtach sin an 20 Meán Fómhair 2023.

Le Comhaontú BBNJ dírítear ar chaomhnú agus ar úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i mbeagnach dhá thrian d'aigéin an domhain, rud a chuireann le muirthimpeallacht níos sláintiúla agus le brabúsacht fhadtéarmach na hearnála iascaigh a choinneáil. Tugann sé aghaidh ar acmhainní géiniteacha muirí, comhroinnt tairbhí, uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol agus fothú acmhainneachta.

Leis an gcomhaontú seo, an tríú comhaontú cur chun feidhme don Aontas faoi UNCLOS, déantar UNCLOS a nuachóiriú chun é a ailíniú le forbairtí sa bhithéagsúlacht mhuirí ó 1982 i leith. Tacaíonn sé le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, go háirithe le Sprioc 14, agus cuireann sé le sprioc an Chreata Dhomhanda Bithéagsúlachta 30% de thailte agus aigéin an domhain a chaomhnú faoi 2030. Ina theannta sin, cabhraíonn sé le cur chun feidhme UNFCCC agus Chomhaontú Pháras, agus leagtar béim leis ar an tsineirgíocht in aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda.

## Ábhar an Togra

Téann Comhaontú BBNJ i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le thart ar dhá thrian d'aigéin an domhain, atá faoi chomhúinéireacht ach nach bhfuil úinéireacht shonrach ag aon eintiteas aonair orthu. Caomhnaítear an leas coiteann domhanda sin trí bhearta ceangailteacha agus deonacha, lena ndírítear ar chomhar agus ar chomhordú níos fearr i measc na bpáirtithe leasmhara. Tá sé mar sprioc aige dul i ngleic le cailliúint na bithéagsúlachta, díghrádú éiceachóras, agus tionchair an athraithe aeráide ar éiceachórais mhuirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, lena gcumhdaítear saincheisteanna amhail téamh, dí-ocsaiginiú aigéin, aigéadú, truailliú (lena n-áirítear truailliú plaisteach), agus úsáid neamh-inbhuanaithe.

Le Comhaontú BBNJ, leagtar béim bhreise ar thaighde eolaíoch domhanda a chur chun cinn, ar chomhoiriúnacht le freagrachtaí na ngeallsealbhóirí atá ann cheana a áirithiú, agus ar aghaidh a thabhairt ar neamhionannais, go háirithe do thíortha i mbéal forbartha. Tá sé mar aidhm aige comhar a mhéadú idir eagraíochtaí farraigí réigiúnacha agus eagraíochtaí bainistithe iascaigh réigiúnacha.

Tá sé mar aidhm ag an gComhaontú BBNJ UNCLOS a ailíniú le saincheisteanna comhaimseartha agus cleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn ar an leibhéal domhanda.

## Tuairim an Rapóirtéara

Molann an Rapóirtéir na bearta tráthúla agus éifeachtacha a comhaontaíodh ag an gcúigiú

seisiún den Chomhdháil Idir-Rialtasach. Tá sé den tuairim gur céim ríthábhachtach chun cinn í an ionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chasta atá roimh éiceachórais mhuirí ar an leibhéal domhanda. Tá timpeallacht shláintiúil mhuirí ina bhfuil stoic éisc shláintiúla agus bithéagsúlacht shaibhir ríthábhachtach chun todhchaí rathúil a áirithiú do phobail iascaigh.

Is díol sásaimh don Rapóirtéir trasuí tapa na n-oibleagáidí ginearálta comhaontaithe a leagtar amach sa Chomhaontú, lena n-áirithítear cur chun feidhme éifeachtach na mbeart lena gcuirtear comhleanúnachas agus comhordú chun cinn, gan an bonn a bhaint d'ionstraimí, de chreataí, nó d'obair comhlachtaí domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála atá ann cheana. Is den ríthábhacht é an tiomantas sin d'ailíniú agus do chomhoibriú chun go mbeidh rath ar an gComhaontú agus ar an sprioc uileghabhálach atá aige an bhithéagsúlacht mhuirí a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe lasmuigh den dlínse náisiúnta.

Mar fhocal scoir, tacaíonn an Rapóirtéir leis an gComhaontú faoi UNCLOS agus formhuiníonn sé a ghlacadh pras, agus béim á leagan aige ar a thábhachtaí atá iarrachtaí comhair chun sláinte agus athléimneacht na n-éiceachóras muirí a chosaint i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta.

******

Iarrann an gCoiste um Iascach ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, a mholadh go dtabharfaí formheas don togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena dtugtar i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta (BBNJ).

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir, faoina fhreagracht eisiach, nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine a luadh cheana san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

## NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Comhaontú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige i ndáil le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta |
| **Tagairtí** | 2023/0353(NLE) |
| **An Coiste Freagrach** | ENVI |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Predrag Fred Matić<br>13.12.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 7.12.2023 19.2.2024 |
| **Dáta an ghlactha** | 20.3.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 20<br>–: 1<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Clara Aguilera, João Albuquerque, Pietro Bartolo, Isabel Carvalhais, Rosanna Conte, Rosa D'Amato, Anja Haga, Ladislav Ilčić, France Jamet, Pierre Karleskind, Predrag Fred Matić, Francisco José Millán Mon, Caroline Roose, Bert-Jan Ruissen, Marc Tarabella, Emma Wiesner, Theodoros Zagorakis |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Catherine Chabaud, Ska Keller, Grace O'Sullivan |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Karolin Braunsberger-Reinhold, Henk Jan Ormel |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 20 | + |
|---|---|
| ECR | Ladislav Ilčić, Bert-Jan Ruissen |
| NI | Marc Tarabella |
| PPE | Karolin Braunsberger-Reinhold, Anja Haga, Francisco José Millán Mon, Henk Jan Ormel, Theodoros Zagorakis |
| Renew | Catherine Chabaud, Pierre Karleskind, Emma Wiesner |
| S&D | Clara Aguilera, João Albuquerque, Pietro Bartolo, Isabel Carvalhais, Predrag Fred Matić |
| Verts/ALE | Rosa D'Amato, Ska Keller, Grace O'Sullivan, Caroline Roose |

| 1 | - |
|---|---|
| ID | France Jamet |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ID | Rosanna Conte |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh